Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2021
(OR. en)

9503/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0206(COD)**

CODEC 833
COH 14
SOC 380
SAN 367
CADREFIN 280
PE 60

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 7 go dtí an 10 Meitheamh 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 8 Meitheamh 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

1 6980/2/21 REV 2.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(8.6.2021)**

## P9_TA(2021)0272

## Ciste Sóisialta n hEorpa Plus (CSE+) 2021-2027 ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2021 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 1296/2013 (06980/2/2021 – C9-0195/2021 – 2018/0206(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06980/2/2021 – C9-0195/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Deireadh Fómhair 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0382),

– ag féachaint do thogra leasaithe ón gCoimisiúin (COM(2020)0447),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do mholadh don dara léamh ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0197/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire na ráitis ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

---

[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 165.

[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 84.

[4] Téacsanna arna nglacadh an 4.4.2019, P8_TA(2019)0350.

5. á threorú dá hArdrúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hinfheistíochtaí CSE+ chun bochtaineacht leanaí a chomhrac**

In 2019, bhí 18 milliún leanbh i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta in AE agus líon fíorard i gceist i roinnt Ballstát. Mar thoradh ar ráig COVID-19 agus na hiarmhairtí socheacnamaíocha a ghabhann léi, cuireadh leis an neamhionannas agus leis an mbochtaineacht, agus is mó fós an tionchar a bhí ag an víreas ar na leanaí sin. Tá bochtaineacht leanaí le feiceáil go seasta i ngach Ballstát agus tá na rátaí ag leanúint de bheith níos airde i measc leanaí ná mar a bhíonn i gcás daoine fásta atá in aois oibre.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú cothrom ar thángthas air agus a fhágann gur uirlis chinntitheach é CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na bochtaineachta leanaí. Aithnítear sa chomhaontú an phráinn a bhaineann le hinfheistiú i leanaí i ngach Ballstát.

An 24 Márta 2021, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht don Leanbh agus é mar aidhm aige dul i ngleic ó thaobh struchtúir de leis an dúshlán. Agus CSE+ á chlárú aige, déanfaidh an Coimisiún a mhíle dícheall a áirithiú go dtiomnóidh na Ballstáit maoiniú iomchuí ó CSE+ chun rannchuidiú leis an Ráthaíocht Eorpach don Leanbh a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tathantóidh sé ar na Ballstáit ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí leordhóthanacha sa réimse sin.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hinfheistíochtaí CSE+ san fhostaíocht le haghaidh daoine óga**

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur bhuail an ghéarchéim shocheacnamaíoch daoine óga go díréireach ag eascairt as ráig COVID-19. Ó mhí na Nollag 2019 go mí na Nollag 2020, tá méadú 3 phointe céatadáin tagtha ar an dífhostaíocht i measc daoine óga san Aontas, rud a fhágann go bhfuil breis agus 3.1 milliún duine óg dífhostaithe. Meabhraíonn an Coimisiún freisin go raibh an dífhostaíocht i measc daoine óga, go seasta, i bhfad níos airde ná an dífhostaíocht i measc daoine fásta, agus léiríonn na figiúirí is déanaí go bhfuil difríocht de níos mó ná 10 bpointe céatadáin eatarthu (17.8 % i gcomparáid le 6.6 % i mí na Nollag 2020).

Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air, comhaontú a aithníonn an dúshlán atá ann ar fud na mBallstát. Is é CSE+ an ionstraim chistiúcháin is tábhachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh chun an Ráthaíocht atreisithe don Aos Óg a glacadh le déanaí chomh maith le bearta ábhartha eile faoin tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme.

Agus CSE+ á chlárú aige, déanfaidh an Coimisiún a mhíle dícheall chun a áirithiú go dtiomnóidh na Ballstáit maoiniú iomchuí ó CSE+ chun an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tathantóidh sé ar na Ballstáit ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus na hacmhainní náisiúnta atá ar fáil a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí leordhóthanacha sa réimse sin.